Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15991/22**

**STAT 40**
**FIN 1353**
**INST 459**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13729/22 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le hInstitiúidí AE agus COVID-19 – Freagairt thapa déanta, ach tá dúshláin fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Nollaig 2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le hinstitiúidí AE agus COVID-19 — Freagairt thapa déanta, ach tá dúshláin fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 3922ú cruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2022.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa i ndáil le hInstitiúidí AE agus COVID-19 – Freagairt thapa déanta, ach tá dúshláin fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir géarchéime a fheabhsú**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 18/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Institiúidí AE agus COVID-19 agus na moltaí atá inti mar rannchuidiú luachmhar leis an meastóireacht ar athléimneacht institiúidí an Aontais le linn phaindéim COVID-19 agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé tuilleadh céimeanna a thabhairt chun feabhas a chur ar a n-ullmhacht freastal ar aon rioscaí a thiocfaidh as aon ghéarchéim shuaiteach neamh-intuartha amach anseo;

2. TUGANN SÍ A SÁSTACHT FHORIOMLÁN DÁ hAIRE go bhfuil na freagairtí meara éifeachtacha curtha ar fáil ag údaráis inniúla institiúidí an Aontais a ndearnadh iniúchadh orthu, lenar ceadaíodh leanúint dá n-oibríochtaí, agus a d’fhág go rabhthas in ann a bpríomhghníomhaíochtaí a chomhlíonadh ar an leibhéal céanna in ainneoin na mórdhúshlán a d’eascair as an bpaindéim;

3. AITHNÍONN SÍ iarrachtaí dílse na seirbhísí an tsláinte a chaomhnú ina dtimpeallacht ghnó agus an dea-bhail a chur chun cinn le linn phaindéim COVID-19, go háirithe trí shocruithe nua oibre, lena n-áirítear deiseanna breise teilea-oibre, agus a ndualgas cúraim á saothrú acu;

4. IARRANN SÍ ar institiúidí an Aontais cur isteach fadtéarmach agus comhar idirinstitiúideach a áireamh ina bpleananna leanúnachais gnó d’fhonn caighdeáin agus sreabha oibre iomchuí a ghlacadh agus an comhordú is dlúithe is féidir a áirithiú ina bhfreagairtí gan dochar dá neamhspleáchas institiúideach;

5. MOLANN SÍ dóibh leanúint den mheastóireacht ar leordhóthanacht agus oiriúnacht na socruithe teilea-oibre (idir rialta agus ócáideach) sa timpeallacht iar-COVID, chun creat solúbtha a chur ar fáil d’infhaighteacht foirne i ngnáth-imthosca agus in imthosca eisceachtúla faoi seach;

6. IARRANN SÍ ar institiúidí an Aontais tógáil ar an taithí a fuair siad le linn ghéarchéim COVID-19 agus an digitiú a shaothrú trí shreabha oibre gan pháipéar a thabhairt isteach, úsáid sínithe leictreonacha agus sonrascú leictreonach a leathnú;

7. IARRANN SÍ ar institiúidí AE dlúthfhaireachán a dhéanamh agus tuairisciú go comhsheasmhach ar thionchar buiséadach na mbealaí nua oibre, go háirithe, d'fhoirgnimh agus do threalamh TF (nótaí, scáileáin, uirlisí físchomhdhála, etc.), agus lánurraim á tabhairt d'uasteorainneacha CAI 2021-2027 agus gach deis á húsáid acu chun coigiltis bhreise a bhaint amach a eascraíonn as infheistíochtaí TF ina n-oibríochtaí agus as sineirgí digiteacha idir institiúidí, amhail ó éifeachtúlachtaí a fuarthas agus ó rannpháirtíocht chianda trí fhíschomhdháil;

8. CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR gur gá breithniú cúramach a dhéanamh ar thionchar comhshaoil na mbealaí nua oibre in institiúidí an Aontais agus tosaíocht a thabhairt dó mar chuid dá straitéisí tógála agus glasaithe fadtéarmacha.